2024/41

11.1.2024

**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 57/2021**

**an 5 Feabhra 2021**

**lena leasaítear Iarscríbhinn XI (Cumarsáid leictreonach, seirbhísí closamhairc agus an tsochaí faisnéise) a ghabhann le Comhaontú LEE [2024/41]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/590 ón gCoimisiún an 24 Aibreán 2020 lena leasaítear Cinneadh (AE) 2019/784 a mhéid a bhaineann le nuashonrú ar na coinníollacha teicniúla ábhartha is infheidhme maidir leis an mbanda minicíochta 24,25-27,5 GHz ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/667 ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2020 lena leasaítear Cinneadh 2012/688/AE a mhéid a bhaineann le nuashonrú ar na coinníollacha teicniúla ábhartha is infheidhme maidir leis na bandaí minicíochta 1 920-1 980 MHz agus 2 110-2 170 MHz, ([2]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(3) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/636 ón gCoimisiún an 8 Bealtaine 2020 lena leasaítear Cinneadh 2008/477/CE a mhéid a bhaineann le nuashonrú na gcoinníollacha teicniúla ábhartha is infheidhme maidir leis an mbanda minicíochta 2 500–2 690 MHz, ([3]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(4) Ba cheart Iarscríbhinn XI a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasófar Iarscríbhinn XI a ghabhann le Comhaontú LEE mar a leanas:

1. Cuirtear an méid seo a leanas isteach i bpointe 5cze (Cinneadh 2008/477/CE ón gCoimisiún):

   ', arna leasú le:

   — **32020 D 0636**: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/636 ón gCoimisiún an 8 Bealtaine 2020 (IO L 149, 12.5.2020, lch. 3).'

2. Cuirtear an méid seo a leanas isteach i bpointe 5czi (Cinneadh Cur Chun Feidhme 2012/688/AE ón gCoimisiún):

   ', arna leasú le:

   — **32020 D 0667**: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/667 ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2020 (IO L 156, 19.5.2020, lch. 6).'

3. Cuirtear an méid seo a leanas isteach i bpointe 5czp (Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/784 ón gCoimisiún):

   ', arna leasú le:

   — **32020 D 0590**: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/590 ón gCoimisiún an 24 Aibreán 2020 (IO L 138, 30.4.2020, lch. 19).'

*Airteagal 2*

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Chinntí Cur Chun Feidhme (AE) 2020/590, (AE) 2020/636 agus (AE) 2020/667 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacsanna atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 138, 30.4.2020, lch. 19.
([2]) IO L 156, 19.5.2020, lch. 6.
([3]) IO L 149, 12.5.2020, lch. 3.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 6 Feabhra 2021, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Feabhra 2021.

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*
*An tUachtarán*
Clara GANSLANDT

* Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.